2026/1357

15.6.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/1357 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Meitheamh 2026

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Aibreán 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/891 ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do Phoblacht na Moldóive agus dá hathléimneacht, dá slándáil, dá cobhsaíocht, dá geilleagar agus dá soláthar fuinnimh i bhfianaise gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha arna ndéanamh ag gníomhaithe seachtracha.

(3) I bhfianaise na staide i bPoblacht na Moldóive, measann an Chomhairle gur cheart seisear a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/891.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/891 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/891 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle an 28 Aibreán 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO L 114, 2.5.2023, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/891/oj).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/891, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas léi faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘24. | Alina JUC | Feidhm: Comhordaitheoir i líonra bréagaisnéise Ilan Shor<br>Dáta breithe: 5.11.2000<br>Áit bhreithe: Rîbnița, Poblacht na Moldóive<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Bhí Alina JUC ina comhordaitheoir gréasáin in oibríocht rúnda arna cistiú ag an Rúis agus atá nasctha le Ilan Shor agus a bhí dírithe ar chur isteach ar thoghcháin pharlaiminteacha mhí Mheán Fómhair 2025. I measc a cúraimí bhí cúrsaí earcaíochta, comhordaithe agus íocaíochtaí a thairiscint as gníomhaíochtaí bréagaisnéise a cuireadh i gcrích tríd an líonra. Bhí an feachtas bréagaisnéise ar siúl roimh thoghcháin pharlaiminteacha 2025 chun borradh a chur faoi ionadaithe Ilan Shor trí ghníomhaíochtaí vótála a chur i gcrích a bhí ceaptha chun an fhírinne toghchánaíochta a chur as a riocht.<br>Oibríonn Alina Juc laistigh de struchtúr níos leithne atá bunaithe ar chomhlachas neamhrialtasach, Evrazia, an fheithicil trínar eagraíodh earcaíocht, oiliúint, scaipeadh bolscaireachta agus líonraí allamuigh. Laistigh den ailtireacht sin, feidhmíonn sí mar chomhordaitheoir a chuireann cláir Evrazia i gcrích i bPoblacht na Moldóive, agus ar an gcaoi sin nascann sí iarrachtaí áitiúla ionramhála toghcháin leis an líonra atá nasctha le Shor agus an líonra atá nasctha le Evrazia.<br>Trí earcaíocht, stiúradh oibríochtúil, comhordú íocaíochta agus cur i gcrích straitéise, bhí ról lárnach ag Alina Juc i gcur chun feidhme cuspóirí feachtais maidir le bréagaisnéis agus cur isteach ar thoghcháin. Dá bhrí sin, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den chobhsaíocht i bPoblacht na Moldóive, agus tá sí á gcur chun feidhme, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí bhac a chur ar an bpróiseas polaitiúil daonlathach agus tríd an mbonn a bhaint de, lena n-áirítear trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus tríd an mbonn a bhaint go mór de thoghcháin a reáchtáil nó trí iarracht a dhéanamh an t-ord bunreachtúil i bPoblacht na Moldóive a threascairt. Ina theannta sin, tá baint aici le Ilan Shor agus Evrazia. | 15.6.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 25. | Anton TREGUB<br>(Антон ТРЕГУБ) | Feidhm: Coimeádaí Pháirtí Polaitiúil<br>Dáta breithe: 8.3.1986<br>Áit bhreithe: Goryachy Klyuch, Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Rúiseach | Is náisiúnach Rúiseach é Anton Tregub atá ag gníomhú mar choimeádaí ó Mhoscó don pháirtí polaitiúil Moldova Mare i bPoblacht na Moldóive. Ba é Anton Tregub a bhí sa stiúir ar liosta iarrthóirí an pháirtí Moldova Mare a chur le chéile mar aon lena straitéis toghchánaíochta. Sa chaoi sin, rialaigh Anton Tregub cur le chéile liosta na n-iarrthóirí, agus rabhadh tugtha aige do Victoria Furtună, ceannaire pháirtí Moldova Mare, chun clárúchán an pháirtí do na toghcháin a áirithiú, agus spreag sé í chun breab a thabhairt don Choimisiún Lárnach Toghchán, más gá. Phléigh Anton Tregub agus chomhaontaigh sé le Victoria Furtună freisin earraí a thairiscint do phríosúnaigh mar chúiteamh ar vótaí, chomh maith le hiallach a chur ar phríosúnaigh vótáil thar ceann a páirtí sna toghcháin pharlaiminteacha i mí Mheán Fómhair 2025.<br>An 26 Meán Fómhair 2025, eisiadh páirtí Moldova Mare ó pháirt a ghlacadh sna toghcháin pharlaiminteacha mar gheall ar mhaoiniú neamhdhleathach agus ceannach vótálaithe.<br>Trí rialú a dhéanamh ar straitéis pháirtí pholaitiúil Moldova Mare agus ar a rannpháirtíocht dhíreach i vótaí a fháil go neamhdhleathach do Victoria Furtună i dtoghcháin pharlaiminteacha 2025, tá Anton Tregub freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta nó den chobhsaíocht i bPoblacht na Moldóive, agus tá sé á gcur chun feidhme, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí bhac a chur ar an bpróiseas polaitiúil daonlathach agus tríd an mbonn a bhaint de, lena n-áirítear trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus tríd an mbonn a bhaint go mór de thoghcháin a reáchtáil agus trí iarracht a dhéanamh an t-ord bunreachtúil i bPoblacht na Moldóive a threascairt. | 15.6.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 26. | Anton USOV<br>(Антон УСОВ) | Feidhm: Gníomhaí i bhFronta an Phobail – Foireann Putin<br>Dáta breithe: 3.4.1986<br>Áit bhreithe: Vladimir, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Rúiseach | Is gníomhaí é Anton Usov i bhFronta an Phobail – Foireann Putin, a shíothlaigh isteach i struchtúir eaglaise Phoblacht na Moldóive, agus comhordú á dhéanamh aige ar fheachtas tionchair struchtúrtha atá dírithe ar thoghcháin pharlaiminteacha na tíre in 2025. Rinne sé maoirseacht ar theachtaireachtaí, ar shlógadh cléire agus ar ailíniú polaitiúil laistigh de Dheoise Soroca agus Drochia. D'úsáid sé ardáin reiligiúnacha, go háirithe cainéal Teileagraim "Salt and Light" agus an t-asraon priontála "Salt and Light", chun insintí a scaipeadh ina gcumasctar dioscúrsa Ceartchreidmheach le teachtaireachtaí polaitiúla, agus treoir á tabhairt do shagairt maidir leis an gcaoi ar féidir le daoine óna bparóiste vóta a chaitheamh agus cé dóibh ar cheart amhlaidh a dhéanamh ina leith.<br>Chuir Anton Usov sásraí maidir le rialú oibríochtúil agus slógadh toghcháin chun feidhme trí shuirbhéireacht a dhéanamh ar shagairt chun measúnú a dhéanamh ar dhílseacht pholaitiúil, cúnamh airgeadais a chóiriú maidir le comhlíonadh, íocaíochtaí trí chainéil Rúiseacha a éascú agus "grianghraif dhílseachta" de chruinnithe paróiste a éileamh chun gníomhaíocht a thuairisciú do Mhoscó. Cuirtear ina leith freisin gur eagraigh sé bailiú córasach sonraí pearsanta na gcreidmheach le linn imeachtaí reiligiúnacha, oilithreachtaí agus cláir eaglasta chun bunachair sonraí vótálaithe a fhorbairt le haghaidh slógadh spriocdhírithe.<br>Trí ghníomhú mar idirghabhálaí straitéiseach idir struchtúir pholaitiúla na Rúise agus codanna den chléir i bPoblacht na Moldóive, agus úsáid á baint as údarás reiligiúnach, giaráil airgeadais, agus teachtaireachtaí digiteacha comhordaithe chun tionchar a imirt ar na próisis toghcháin dhaonlathacha, tá Anton Usov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta nó den chobhsaíocht i bPoblacht na Moldóive, agus tá sé á gcur chun feidhme, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí ghníomhaíochtaí lena gcuirtear bac ar an bpróiseas polaitiúil daonlathach agus lena mbaintear an bonn de, lena n-áirítear trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil i bPoblacht na Moldóive agus tríd an mbonn a bhaint go mór de reáchtáil na dtoghchán sin. | 15.6.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 27. | Irina VLAH | Feidhm: Ceannaire ar pháirtí polaitiúil “Inima Moldovei”; iar-Bashkan Gagauzia (2015-2023).<br><br>Dáta breithe: 27.2.1974<br><br>Áit bhreithe: Comrat, PSS na Moldóive (Poblacht na Moldóive anois)<br><br>Inscne: baineann<br><br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is í Irina Vlah ceannaire an pháirtí pholaitiúil “Inima Moldovei”. Bhí sí rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh na próisis dhaonlathacha atá ar siúl i bPoblacht na Moldóive roimh thoghcháin pharlaiminteacha mhí Mheán Fómhair 2025 a dhíchobhsú. Thug Irina Vlah cuairteanna doiciméadaithe ar Mhoscó in 2025, in éineacht leis an duine liostaithe Victoria Furtună. Bhuail an bheirt le hoifigigh ardchéime ón Rúis, áit a bhfuair siad dearbhuithe maidir le tacaíocht feachtais agus treoracha comhordaithe toghcháin. Tar éis bloc polaitiúil nua a bhunú, an bloc polaitiúil “tírghrách”, chomheagraigh Irina Vlah slógadh toghcháin íoctha i mí Iúil 2025, inar tugadh tacaíocht phoiblí don bhloc nuabhunaithe.<br><br>Tá Irina Vlah agus a páirtí faoi rialú an duine liostaithe Ilan Shor, agus ghlac siad roinnt feidhmeanna nach gcomhlíonann na seachpháirtithe a thuilleadh, ar feidhmeanna iad ar cuireadh toirmeasc nó cosc orthu toghcháin a reáchtáil.<br><br>Tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh an t-ord bunreachtúil a dhíchobhsú agus a threascairt, tá Irina Vlah freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas Phoblacht na Moldóive, agus den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil i bPoblacht na Moldóive, agus tá sé á gcur chun feidhme, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Tá baint aici freisin le Ilan Shor. | 15.6.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 28. | Iuri VITNEANSKI | Feidhm: Ball den pháirtí polaitiúil “Renaștere”<br>Dáta breithe: 6.8.1989<br>Áit bhreithe: Bălți, PSS na Moldóive (Poblacht na Moldóive anois)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is comhalta é Iuri Vitneanski den pháirtí polaitiúil “Renaștere”, atá mar chuid de bhloc polaitiúil Victory/Pobeda. Bíonn sé rannpháirteach go gníomhach i scaipeadh bréagaisnéise agus teaicticí scanrúla, chomh maith le hinsintí arb ann dóibh arís is arís eile faoi bhagairtí a cheaptar a bheith ann ar neodracht nó ar “mhíleatú” Phoblacht na Moldóive. Gníomhaíonn Iuri Vitneanski faoi mhaoirseacht an duine liostaithe Ilan Shor, óna bhfaigheann sé pá míosúil. Glacann Iuri Vitneanski páirt freisin i ngníomhaíochtaí poiblí arna gcomhordú ag an eintiteas liostaithe Evrazia, ar comhlachas neamhrialtasach é. Ghlac Iuri Vitneanski páirt i roinnt cruinnithe in éineacht le roinnt daoine a bhfuil baint acu le Ilan Shor.<br>Tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh an t-ord bunreachtúil a dhíchobhsú agus a threascairt, tá Iuri Vitneanski ag cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den chobhsaíocht i bPoblacht na Moldóive, agus tá sé ag tacú leo, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le Ilan Shor, leis an mbloc polaitiúil Victory/Pobeda agus le Evrazia. | 15.6.2026 |
| 29. | Ruslan GARBALÎ | Feidhm: Ceann eagraíocht chríochach “Vulcănești” an pháirtí pholaitiúil “Renaștere”<br>Dáta breithe: 3.6.1970<br>Áit bhreithe: Ceadîr-Lunga, PSS na Moldóive (Poblacht na Moldóive anois)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is é Ruslan Garbalî Ceann eagraíocht chríochach “Vulcănești” an pháirtí pholaitiúil “Renaștere” i bPoblacht na Moldóive. Bhí baint aige le hagóidí íoctha a eagrú roimh toghcháin pharlaiminteacha 2025. D’fhógair Ilan Shor na hagóidí, agus Garbalî agus bhí an ról feidhmiúcháin ag Ruslan Garbalî teagmháil a dhéanamh leis na rannpháirtithe agus a chinntiú gur íocadh iad. Thairis sin, ghlac sé páirt in ócáid seolta an bhloic pholaitiúil le haghaidh “Victory/Pobeda”, in éineacht le Ilan Shor.<br>Tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh an t-ord bunreachtúil a dhíchobhsú nó a threascairt, tá Ruslan Garbalî ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den chobhsaíocht i bPoblacht na Moldóive agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le Ilan Shor. | 15.6.2026’. |


ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1357/oj